AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 610 final

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fraince**

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 610 final}

GA

GA

Moladh le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fraince

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[4], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Fhrainc caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[5], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad rochtain ar chaipiteal príobháideach, taighde agus nuálaíocht, oideachas agus scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht seo leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas [6]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[7], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Fhrainc ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Fraince 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, togra a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

---

4 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj.

5 COM(2023) 168 final.

6 COM(2024) 77 final.

7 COM(2023) 901 final.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Cuimsítear ann freisin Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1467/97 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus Treoir leasaithe 2011/85/AE maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[8]. Is iad cuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach trí chomhdhlúthú fioscach céimnitheach mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sa phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear sprioc pleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart an chonair ghlanchaiteachais[9] sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI, agus an t-easnamh rialtais a thabhairt faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontaíonn an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a bparlaimintí náisiúnta rannpháirteach, agus go rachfar i gcomhairle le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

[8] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[9] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn ‘glanchaiteachas’ caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 28 Aibreán 2021, chuir an Fhrainc a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince[10], a leasaíodh an 14 Iúil 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun na ranníocaíochta uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[11] . Scaoilfear na tráthchodanna ar choinníoll cinneadh a bheith déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Fhrainc. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 2 Bealtaine 2024, thíolaic an Fhrainc a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Fraince maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 maidir leis an bhFrainc[12] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Fraince ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023 agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Fraince ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince a fhormheas (ST 10162/21; ST 10162/21 ADD 1).

[11] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince a fhormheas (ST 11150/23; ST 11150/23).

[12] SWD(2024) 610 final.

feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an bhFrainc faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na Fraince, foilsíodh iad i mí Aibreáin 2024[13]. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Fhrainc a thuilleadh. Go háirithe, chuidigh gníomhaíocht beartais le leochaileachtaí a raibh ábharthacht trasteorann acu a laghdú, leochaileachtaí a raibh baint acu leis an iomaíochas i gcomhthéacs méadú táirgiúlachta íseal, ach is gá leanúint de na hiarrachtaí, agus tá leochaileachtaí a bhaineann le fiachas poiblí ard ann go fóill. Tá forbairt fhabhrach tagtha ar an iomaíochas praghsanna ó bhí 2021 ann, mar gheall, go páirteach, ar bhoilsciú a bhí níos ísle ná an boilsciú ag bhí ag comhpháirtithe trádála. Mar sin féin, bhí na torthaí iomaíochais costais níos measctha toisc gur mhaolaigh fachtóirí sealadacha i ndiaidh phaindéim COVID-19 an táirgiúlacht oibre, lena n-áirítear cnapaireacht saothair i roinnt príomhearnálacha, agus beartais a bhí dírithe ar an bhfostaíocht a mhéadú. Tháinig fás láidir fostaíochta astu sin le blianta beaga anuas. Tá coinne leis go dtiocfaidh feabhas ar an táirgiúlacht oibre agus ar an iomaíochas amach anseo, le cuidiú ó infheistíochtaí agus athchóirithe atá beartaithe, rud ba cheart bonn a chur faoi laghdú an fhiachais. Tháinig méadú suntasach ar an bhfiachas príobháideach le linn na paindéime, ach in éineacht leis bhí méadú ar an ráta coigiltis teaghlaigh, chomh maith le méaduithe ar chothromas agus carnadh maolán leachtachta i ngnólachtaí, maoláin atá in úsáid anois. Tá creidmheas le haghaidh infheistíocht chorparáideach dinimiciúil go fóill d'ainneoin na dálaí déine airgeadais. Tá an cóimheas idir an fiachas poiblí agus OTI laghduithe beagán leis an téarnamh OTI a tharla ó bhí 2021 ann, agus é píosa níos airde ná 110 % in 2023. Tuartar go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó in 2024 ach go dtiocfaidh méadú air arís in 2025 agus easnaimh mhóra leanúnacha rialtais ann. Bhí an fhreagairt beartais ar na leochaileachtaí a sainaithníodh maidir leis an iomaíochas i gcomhthéacs méadú táirgiúlachta íseal iomchuí den chuid is mó agus ba cheart go dtacóidh sé leis an méadú táirgiúlachta sna bliana atá romhainn, agus is gá leanúint leis na hiarrachtaí. Rannchuideoidh cur chun feidhm an phlean téarnaimh agus athléimneachta chun tuilleadh a dhéanamh le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomaíochais agus cuirfidh sé feabhas chomh maith ar an méadú táirgiúlachta. Cé go ndearnadh bearta chun airgeadas poiblí a neartú, is léir go bhfuil tuilleadh iarrachtaí de dhíth chun an fiachas náisiúnta ard a laghdú. Leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, lena n-áirítear an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach a chur i bhfeidhm, cuirtear sásra faireachais oiriúnach láidir ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach.

(11) Ar bhonn sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[14], mhéadaigh easnamh rialtais ghinearálta na Fraince ó 4,8 % de OTI in 2022 go 5,5 % in 2023[15], agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 111,9 % de OTI ag deireadh 2022 go 110,6 % ag deireadh 2023.

13 SWD(2024) 100 final.

14 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.

15 Bhí an méadú ar an easnamh in 2023 á spreagadh go príomha ag easnaimh mhóra ioncaim agus, ar bhonn níos lú, ag fás níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

Mar a fógraíodh sa treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024[16], tá an chéad chéim á glacadh ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair. An 19 Meitheamh 2024 ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) de CFAE[17]. Sa tuarascáil sin, rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na Fraince, toisc go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2023 níos mó ná an luach tagartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh i mí Iúil go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach, trína mholadh don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) lena suítear gurb ann d'easnamh iomarcach don Fhrainc.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[18] go ndéanfadh an Fhrainc beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomha a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[19], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, moladh don Fhrainc a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Fhrainc freisin infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[20] crapthach, faoi 0,5 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú crapthach 0,3 % de OTI leis an staid fhioscach, agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag cistí eile de chuid an Aontais 0,4 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 4,1 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Fhrainc

16 COM(2023) 141 final.

17 Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 19.6.2024, COM(2024) 598 final.

18 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Fraince um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Náisiúnta na Fraince um Athchóiriú 2022,IO C 334, 1.9.2022, lch. 79.

19 Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 6,4 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Fhrainc in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

20 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais. Más comhartha diúltach (dearfach) atá ag gabháil leis an táscaire léiríonn sé sin beartas fioscach forleathnaitheach (crapthach).

infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sí infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail chun réitigh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a fhorbairt agus a chur in úsáid go tionsclaíoch, tionscadail nuálaíochta i gcórais talmhaíochta inbhuanaithe, ábhair athchúrsáilte, foirgnimh nuálacha, digitiú agus dícharbónú na soghluaisteachta chomh maith le hinfheistíochtaí le haghaidh athchóiriú teirmeach foirgneamh, a chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-mheastacháin i gClár Cobhsaíochta 2024 mar seo a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,0 % in 2024 agus 1,4 % in 2025, agus tuartar gurb éard a bheidh i mboilsciú ICPT 2,5 % in 2024 agus 1,7 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 5,1 % de OTI in 2024 agus 4,1 % de OTI in 2025, agus go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 112,3 % faoi dheireadh 2024 agus go 113,1 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,6 % de OTI in 2026 agus go 2,9 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI in 2027. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile, tar éis 2025, ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 112,9 % de OTI in 2026 agus 112,0 % in 2027.

(14) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 0,7 % in 2024 agus 1,3 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú ICPT ag 2,5 % in 2024 agus 2,0 % in 2025.

(15) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 5,3 % de OTI le haghaidh 2024, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 112,4 % faoi dheireadh 2024. An laghdú ar an easnamh in 2024, léiríonn sé, den chuid is mó, tarraingt siar fhormhór na mbeart éigeandála a bhaineann le fuinneamh agus 0,3 % de choigilteas caiteachais OTI a glacadh i mí Feabhra, arna fhritháireamh go páirteach leis an méadú tapa réamh-mheasta ar íocaíochtaí úis ar fhiachas poiblí go dtí thart ar 2,0 % de OTI, arna bhrú ag rátaí níos airde maidir le saincheisteanna nua. Thairis sin, áirítear sa réamh-mheastachán freisin an tionchar 0,1 % de OTI atá ag cáin eisceachtúil ar tháirgeoirí fuinnimh agus ar bhrabúis airgeadais. An méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2024, léiríonn sé, den chuid is mó, an tionchar a bhíonn ag easnamh príomhúil ard agus ag íocaíochtaí úis atá ag dul i méid, cé go mbeadh an éifeacht laghdaithe fiachais a eascraíonn as fás ainmniúil níos measartha ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach faoi 1,1 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ard ionann é agus 0,2 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,2 % in 2023, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiacha na Fraince.

(17) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle[21] don Fhrainc beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[22] in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 2,3 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a nDréachtphleananna Buiséadacha/a mbuiséid le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,8 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Fraince a mhaoinítear go náisiúnta in 2024[23], figiúr atá faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Fhrainc gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Fhrainc a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0,9 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach[24] na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,2 % a bheidh ann in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, an chaidhp ar phraghsanna leictreachais rialáilte, arna cur chun feidhme trí laghdú ar an gcáin intíre ar thomhaltas deiridh leictreachais (TICFE) agus fóirdheontais dhíreacha chun soláthróirí leictreachais a chúiteamh, glactar leis go bhfanfaidh sí i bhfeidhm in 2024. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 0,6 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach 1,0 % de OTI leis an staid fhioscach sa bhliain sin ó ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[25]. Meastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Thairis sin, meastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle freisin.

---

21 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Fraince um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Fraince 2023 IO C 312, 1.9.2023, lch. 86.

22 Sainmhínítear glanchaiteachas príomhúil mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

23 Cuirtear san áireamh leis sin 0,0 % de bhearta aonuaire OTI in 2024, chomh maith le -0,1 % de OTI in 2023 a bhaineann le cinntí ón gCúirt.

24 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

25 Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomhúil an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Fhrainc infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 4,1 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 0,4 % de OTI in 2024.

(20) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 5,0 % de OTI in 2025. An laghdú ar an easnamh in 2025, gan athrú beartais, léiríonn sé, den chuid is mó, an téarnamh fáis a bhfuil coinne leis. Meastar go dtiocfaidh méadú go 113,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Easnaimh phríomhúla arda agus íocaíochtaí úis atá ag dul i méid is cúis leis an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI den chuid is mó.

(21) Tá caiteachais chánach líonmhar sa Fhrainc agus tuigtear go mbaineann ualach trom buiséadach leo. Measadh sa dlí buiséadach do 2023 gurbh ionann costas buiséadach an 465 chaiteachas cánach liostaithe in 2022 agus EUR 88 mbilliún (3,3 % de OTI), gan éifeacht an chreidmheasa cánach ar fhostaíocht agus ar iomaíochas a áireamh (*crédit d'impôt pour la compétitivité et l'emploi,* CICE), a tarraingíodh siar in 2019. Go háirithe, ba iad an creidmheas cánach maidir le taighde (*crédit d'impôt recherche*, thart ar EUR 7 mbilliún), an creidmheas cánach d'fhostaithe baile (*crédit d'impôt pour l'emploi d'un salarié à domicile*, EUR 5,7 billiún), an liúntas 10 % maidir le pinsin agus socruithe scoir (*abattement de 10 % sur les pensions et retraites*, EUR 4,4 billiún) agus an ráta 10 % maidir le hoibreacha feabhsúcháin, comhshó, feistithe agus cothabhála (*taux de 10 % pour les travaux d'amélioration, de transformation, d'aménagement et d'entretien*, EUR 4,3 billiún) na cinn is mó i ndlí buiséadach 2023. Ó 2013, in ainneoin go leor iarrachtaí costas agus líon na gcaiteachas cánach a rialú, tá méadú níos mó ná 16 % tagtha orthu i dtéarmaí réadacha. Cé go bhféadfadh cuspóirí beartais eacnamaíoch nó shóisialta a bheith ina spreagadh do chaiteachais chánach, ní gá gurb iad an ionstraim is costéifeachtaí agus d'fhéadfadh saobhadh eacnamaíoch tromchúiseach a bheith mar thoradh orthu i gcásanna áirithe. Mar a léirigh Cúirt Iniúchóirí na Fraince, laghdaíonn caiteachais chánach éifeachtúlacht agus trédhearcacht chóras cánach na Fraince, tugtar isteach méid suntasach castachta leo agus, ar bhonn níos leithne, spreagtar caillteanais i ndáil le héifeachtacht leithdháilte leo mar gheall ar an saobhadh ar chinntí aonair. Leis an dlí clársceidealaithe airgeadais phoiblí ilbhliantúil le haghaidh 2023-2027, a glacadh i mí na Samhna 2023, tugadh isteach forálacha sonracha chun tionchar buiséadach na gcaiteachas cánach a theorannú, chun a líon a rialú agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla, agus é mar aidhm ag an am céanna trédhearcacht na cumarsáide leis an bParlaimint a fheabhsú i gcomhthéacs an phróisis bhuiséadaigh bhliantúil. Mar sin féin, is beag rath a bhí ar iarrachtaí a rinneadh roimhe seo maidir le castacht chánach agus an costas buiséadach a bhaineann le caiteachais chánach a laghdú. Ós rud é nach dtagann caiteachais chánach, de réir sainmhínithe, faoi raon feidhme na rialuithe buiséadacha seanbhunaithe ar chaiteachas, bheadh leibhéal comhchosúil faireacháin ag teastáil chun iad a shrianadh, rud a chomhlánódh an t-athbhreithniú caiteachais arna thionscnamh ag an rialtas faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Ag 57,3 % de OTI in 2023, tá caiteachas poiblí na Fraince fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2024 ón gCoimisiún go mbeidh bearna den chineál céanna ann in 2024 agus in 2025. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chinntitheach maidir le caiteachas poiblí chun comhdhlúthú fioscach a bhaint amach sa Fhrainc. Leis an sásra nua athbhreithnithe caiteachais, a glacadh le dlí buiséadach 2023 i gcomhthéacs an phlean téarnaimh agus athléimneachta, d’fhéadfaí tacú leis an gcomhdhlúthú sin agus leis an laghdú sin ar an bhfiachas poiblí. Is é príomhchuspóir an tsásra nua sin meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar chaiteachas poiblí arb é is aidhm dóibh na caiteachais is éifeachtúla atá fabhrach don fhás, don chuimsiú sóisialta agus don aistriú glas agus don aistriú digiteach a shainaithint, agus coigilteas caiteachais a bhaint amach san am céanna i gcás ina mbraitear neamhéifeachtúlachtaí. Cuireadh an chéad tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte i mí Iúil 2023, tuarascáil ina raibh moltaí nithiúla. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil aistriú na moltaí sin go bearta coigiltis nithiúla agus cainníochtaithe i ndlí buiséid 2024 teoranta. Amach anseo, i dtaca le comhdhlúthú fioscach, bhainfí tairbhe as comhtháthú rialta spriocanna coigilte caiteachais cainníochtaithe a thagann ó athbhreithnithe caiteachais isteach i bpleanáil bhuiséadach bhliantúil agus ilbhliantúil amach anseo.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-airítear Caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Fraince tríd an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Fhrainc leanúint d’athchóirithe agus d’infheistíocht a chur chun feidhme. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, tá sé de cheanglas ar an Fhrainc gach clár a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an Fhrainc maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. In 2023, bhí fás measartha ar fud na tíre sa Fhrainc, cé go raibh difríochtaí suntasacha leanúnacha ann ar fud na réigiún, agus léiríonn cuid acu fás marbhánta fadtéarmach. Tá éagothromaíochtaí suntasacha forbartha ann idir na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin chathrach, agus idir limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá sé thar a bheith tábhachtach leanúint de thacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta ar an leibhéal réigiúnach, go háirithe trí bhorradh a chur faoi éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, scileanna straitéiseacha agus trí thallann a mhealladh. Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar an ngá atá le cumas digitithe agus nuálaíochta

gnólachtaí a mhéadú, go háirithe i réigiúin atá i sáinn ó thaobh forbartha de. Tá tosaíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú glas fós ríthábhachtach, agus béim ar leith á leagan ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite, ar fhorbairt córas cliste fuinnimh agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus ar oiriúnú don athrú aeráide. Sna réigiúin is forimeallaí, tá soláthar uisce óil, cóireáil fuíolluisce agus bailiú agus bainistiú dramhaíola cathrach ríthábhachtach i gcónaí. Tá sé tábhachtach i gcónaí grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú go gníomhach, amhail daoine de bhunadh imirceach, chomh maith le hinfheistíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh san uas-sciliú agus san athsciliú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Tá sé ríthábhachtach freisin leanúint de bhearta in aghaidh na bochtaineachta agus de bhearta maidir le cuimsiú sóisialta, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar rochtain ar thithíocht inacmhainne, agus ar dhíshealbhuithe tithíochta a chosc. D’fhéadfadh an Fhrainc úsáid a bhaint freisin as tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú leis an gclaochlú tionsclaíoch. D’fhéadfadh an Fhrainc go háirithe na scileanna, na teicneolaíochtaí agus an bonneagar is gá a fhorbairt a thuilleadh agus rannpháirtíocht i slabhraí luacha straitéiseacha nua a spreagadh (tionscal glan-nialasach, amhábhair chriticiúla, dícharbónú tionscal dianfhuinnimh).

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an bhFrainc a bhaineann le ganntanais scileanna, neamhionannais sa chóras oideachais agus trochlú ar thorthaí oideachais, dálaí oibre agus oiliúint múinteoirí, agus dúshláin freisin a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, taighde, forbairt agus nuálaíocht agus leis an aistriú glas. Dá rachfaí i ngleic leis na dúshláin sin, chuideofaí le scileanna oibrithe agus torthaí foghlama a threisiú agus le táirgiúlacht saothair a mhéadú. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé feabhas a chur ar éifeachtúlacht ghnólachtaí na Fraince freisin, rud a mhéadódh iomaíochas gheilleagar na Fraince. Dá gcuirfí tuilleadh borradh faoin iomaíochas agus faoin táirgiúlacht saothair, rannchuideofaí freisin le bonn taca a chur faoi inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

(26) Tá an ganntanas oibrithe oilte ar cheann de na príomhbhacainní ar earcaíocht. In 2022, b’amhlaidh an cás go háirithe in earnáil na tionsclaíochta, in earnáil TFC agus in earnáil na sláinte agus i ngairmeacha a bhfuil scileanna ag teastáil ina leith le haghaidh an aistrithe ghlais[26]. Ina theannta sin, thuairiscigh 45 % d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) na Fraince go raibh sé an-deacair orthu baill foirne a bhfuil na scileanna cearta acu a fhostú, i gcomparáid le 38 % san Aontas. Luann 83 % de ghnólachtaí na Fraince ganntanas saothair agus scileanna mar cheann de na príomhbhacainní ar infheistíocht, i gcomparáid le 81 % san Aontas. Thairis sin, cuireann an easpa scileanna leordhóthanacha bac ar infheistíochtaí i ndícharbónú na tionsclaíochta. D’ainneoin na hinfheistíochta in oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú, a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin, tá deacrachtaí fós ann, go háirithe maidir le teacht ar dhaoine ar bheagán oiliúna[27] agus maidir le díriú ar dhul faoi oiliúint i gcás earnálacha tosaíochta. Sa mheastóireacht ar infheistíochtaí a rinneadh roimhe seo agus a rinneadh le déanaí, amhail an Plean Infheistíochta Scileanna (*plan d’investissement dans les compétences*), cuirtear i dtábhacht nach mbaineann ach 25 % den oiliúint le hearnáil tosaíochta agus nach

[26] DARES, ‘*Les tensions sur le marché du travail en 2022’*, *Dares Resultats n°59*, Samhain 2023.

[27] Daoine a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí ar a mhéad acu (i.e. ISCED 0-2).

ndíríonn ach 20 % de na spriocanna oiliúna ar ghairmeacha atá thíos le ganntanais scileanna. Chomh maith leis sin, níor ghlac ach thart ar 25 % de dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí páirt san fhoghlaim in 2022. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtacht na mbeart a thacaíonn le huas-sciliú agus athsciliú thíos leis an laghdú ar fheidhmíocht sa chóras oideachais, ós rud é gurb iad bunscileanna an bonn chun tairbhe a bhaint as breisoideachas agus oiliúint. Cé go ndearnadh athnuachan ar an bPlean Infheistíochta Scileanna go dtí 2027, tá laghdú tagtha ar na hacmhainní atá tiomnaithe dó.

(27) In ainneoin caiteachas poiblí ard ar oideachas, bhí laghdú suntasach ar fheidhmíocht le déanaí i gcóras oideachais na Fraince, rud a léirigh tionchar suntasach chúlra socheacnamaíoch na ndaltaí. De réir shuirbhé Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí (PISA), thearcfheidhmigh 28,8 % de dhaoine 15 bliana d'aois sa mhatamaitic sa Fhrainc i gcomparáid le 29,5 % san Aontas, thearcfheidhmigh 26,9 % díobh sa léitheoireacht i gcomparáid le 26,2 % san Aontas agus thearcfheidhmigh 23,8 % díobh san eolaíocht i gcomparáid le 24,2 % san Aontas. Mar thoradh air sin, tá scóir thart ar mheán an Aontais, rud atá imithe go mór in olcas freisin. Ó 2018 i leith, tá méadú suntasach tagtha ar sciar na ndaltaí nach n-éiríonn go maith leo i ngach ceann de na trí ábhar. Ag an am céanna, tá laghdú suntasach tagtha ar sciar na ndaltaí is fearr feidhmíochta, go háirithe sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht. Tá an laghdú ar inniúlacht i mbunscileanna le sonrú a thuilleadh i measc daltaí 15 bliana d'aois atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cúlra imirceach acu agus a bhfuil dhá oiread riosca tearcghnóthachtála os a gcomhair ná mar atá ag a bpiaraí a rugadh ina dtír féin agus a bhfuil tuismitheoirí a rugadh ina dtír féin acu. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fheidhmíocht na ndaltaí maidir le bunscileanna, ag tosú ó aois óg. Tá an caiteachas iomlán ar oideachas bunscoile sa Fhrainc beagán níos ísle ná mar atá san ECFE ar an meán[28]. Cuireadh roinnt beart chun feidhme le blianta beaga anuas chun neamhionannais ar scoil a laghdú, amhail méid an ranga a laghdú faoina leath i 'réimsí oideachais tosaíochta'. Cé go léiríonn na meastóireachtaí tosaigh tionchar dearfach an bhirt ar thorthaí oideachais na ndaltaí, ní théann sé chun tairbhe do 70 % de dhaltaí faoi mhíbhuntáiste a chónaíonn lasmuigh de na réimsí tosaíochta. In 2023, spreag an Aireacht Oideachais meascán sóisialta níos fearr i scoileanna trí sprioc neamhcheangailteach a leagan síos chun leithscaradh sóisialta i scoileanna poiblí a laghdú 20 % faoi 2027 agus trí mheabhrán tuisceana a shíniú le scoileanna príobháideacha. Thairis sin, leis an mbeart a glacadh i mí Mheán Fómhair 2023, lenar tugadh isteach uair an chloig seachtainiúil de theagasc difreáilte sa Fhraincis agus sa mhatamaitic do gach dalta, d'fhéadfaí bunscileanna a neartú. Mar sin féin, ní mór tionchar na mbeart sin ar thorthaí foghlama a bhrath fós, agus beidh gá le tuilleadh meastóireachtaí. Trí acmhainní agus modhanna a chur in oiriúint do chúinsí áitiúla agus do riachtanais na mac léinn, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar fheidhmíocht agus ar chothromas an chórais oideachais.

(28) Cé gur bhain múinteoirí tairbhe as ardú pá in 2023, tá imní fós ann maidir le tarraingteacht na gairme, agus bíonn tionchar ag ganntanas múinteoirí ar thorthaí oideachais. Tá ceann de na cóimheasa mac léinn/múinteora is airde san Aontas Eorpach ag an bhFrainc. Ina theannta sin, dá méadófaí an spleáchas ar mhúinteoirí sealadacha a bhfuil leibhéil níos ísle cáilíochtaí agus taithí acu agus dá mbeadh rochtain níos ísle ar oiliúint acu ná mar atá ag múinteoirí buana, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do cháilíocht an teagaisc. Rinneadh bearta chun feabhas a chur ar

[28] https://data.oecd.org/eduresource/education-spending.htm#indicator-chart.

dhálaí teagaisc, lena n-áirítear oiliúint sa Fhraincis agus sa mhatamaitic do mhúinteoirí bunscoile a threisiú. Mar sin féin, tá deis ann na bearta sin a leathnú tuilleadh, go háirithe trí oiliúint tosaigh agus leanúnach a ailíniú níos fearr le riachtanais athraitheacha na mac léinn uile agus trí níos mó neamhspleáchais a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoileanna. Go háirithe, cé go léirítear i dtuarascáil ECFE[29] gur féidir tionchar dearfach a bheith ag ardleibhéal neamhspleáchais a thabhairt do scoileanna ar fheidhmíocht na ndaltaí (nuair a dhéantar é sin in éineacht le cuntasacht), tugann an Chúirt Iniúchóirí rabhadh go bhfuil raon feidhme teoranta ag príomhoidí go hiarbhír chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí áitiúla na ndaltaí[30].

(29) D'ainneoin roinnt athchóirithe ar mhaithe le simpliú riaracháin, measann gnólachtaí sa Fhrainc fós go bhfuil an t-ualach riaracháin trom, rud a chuireann isteach ar an nuálaíocht agus ar an táirgiúlacht. De réir suirbhé a rinneadh in 2022, measann 49 % de ghnólachtaí gur 'fadhb an-tromchúiseach' í castacht na nósanna imeachta riaracháin (i measc na gcéatadán is airde san Aontas agus os cionn mheán 33 % an Aontais)[31]. Measann an Fhrainc go gcosnaíonn an líon iomarcach rialacha 3 % de OTI in aghaidh na bliana ar a laghad[32]. I gcomhréir le moltaí ó pháirtithe leasmhara[33] maidir leis an ualach riaracháin a mhaolú, d'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt do theorainn a chur le líon na ndoiciméad is gá a chur isteach ('an prionsabal 'abair linn uair amháin é''), lena ndéantar digitiú na nósanna imeachta a ghinearálú agus pointe teagmhála dírí leis an riarachán á choinneáil ag an am céanna. D'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt freisin do dhearbhuithe simplí maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha is infheidhme a chur in ionad scéimeanna údarúcháin nó, i gcás na n-earnálacha níos íogaire, údaruithe a shimpliú trí amanna cinnteoireachta a laghdú agus formheas intuigthe a ghlacadh i gcás nach bhfuil sé infheidhme go fóill.

(30) Cuireann an Fhrainc maoiniú suntasach poiblí ar fáil chun tacú le T&F agus leis an nuálaíocht in earnáil an ghnó. I measc thíortha an Aontais, cuireann sí ceann de na sciartha is airde dá OTI ar fáil chun tacú le T&F in earnáil an ghnó (0,45 % de OTI in 2021)[34]. Mar sin féin, tá T&F in earnáil an ghnó marbhánta agus tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais (1,43 % de OTI in 2022). De réir Shuirbhé Infheistíochta BEI 2023, níor infheistigh ach 30 % de ghnólachtaí na Fraince (ar FBManna 99,8 % díobh) i dtáirgí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt. Tá sé seo ar cheann de na sciartha is lú san Aontas. Ós rud é nach bhfuil aon bhorradh faoi tháscairí[35] a bhaineann leis an

[29] Lastra-Anadón, C. agus S. Mukherjee (2019), *Cross-country evidence on the impact of decentralisation and school autonomy on educational performance*, Páipéir Oibre ECFE maidir leis an bhFeidearálacht Fhioscach, Uimh. 26, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/c3d9b314-en.

[30] Cour des comptes, *Mobiliser la communauté éducative autour du projet d'établissement, Rapport public thématique*, 2023.

[31] An Coimisiún Eorpach, Flais-Eorabharaiméadar 507, *Businesses' attitudes towards corruption in the EU* [Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas], Tuarascáil, Iúil 2022, lch. 58.

[32] Féach plean gníomhaíochta an tsimplithe ó mhí Aibreáin 2024, atá ar fáil ag https://presse.economie.gouv.fr/plan-daction-simplification/, lch. 8.

[33] Féach an tuarascáil chríochnaitheach ón gcomhairliúchán i mí Eanáir 2024, *Entrepreneuses, entrepreneurs: quelles mesures concrètes pour vous simplifier la vie ?*, ar fáil ag https://www.economie.gouv.fr/actualites/mesures-consultation-simplification-entreprises.

[34] Ríomhanna an Choimisiúin. Is éard atá sa tacaíocht suim de dhreasachtaí cánach arb ionann iad agus 0,28 % de OTI (sonraí ECFE, a tugadh cothrom le dáta go deireanach i mí Aibreáin 2024) agus de thacaíocht dhíreach (trí dheontais, etc.) arb ionann í agus 0,16 % de OTI (sonraí Eurostat, a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 17 Márta 2024).

[35] Eadhon, comhfhoilseacháin eolaíocha phríobháideacha phoiblí mar % de líon iomlán na bhfoilseachán (foinse: Science-Metrix, Lúnasa 2023); caiteachas poiblí ar T&F arna mhaoiniú ag gnólachtaí

gcomhar idir an saol acadúil agus gnó agus go bhfuil meath ag teacht ar tharraingteacht gairmeacha acadúla, meastar go gcuirfidh an Dlí um Chlársceidealú Taighde agus bearta fógartha eile, a n-áirítear cuid acu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, feabhas ar éifeachtúlacht an chórais taighde tríd an nasc idir an eolaíocht agus an geilleagar a neartú, agus gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí. Mar sin féin, glacfaidh sé am sula bhfeicfear tionchar na mbeart sin agus beidh sé le feiceáil sna táscairí ina dhiaidh sin. Tá creidmheas cánach costasach ar thaighde i bhfeidhm, cé gur léirigh meastóireachtaí laigí móra[36]. Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún Náisiúnta um Meastóireacht ar Bheartais Nuálaíochta in 2021 nach raibh aon éifeacht shuntasach ag an scéim ar ghnólachtaí móra, d'ainneoin tacaíocht a bheith dírithe orthu. Dá bhrí sin, tá deis ann díriú níos fearr ar an scéim T&F seo chun aschur T&F a mhéadú, agus na costais a bhaineann leis á gcur san áireamh ag an am céanna. Bearta eile chun tacú leis an nuálaíocht, tá siad i bhfad níos lú ach tá siad dírithe níos fearr ar FBManna. Áirítear orthu sin go háirithe an creidmheas cánach nuálaíochta agus stádas cuideachtaí nuálacha óga (*Jeunes Entreprises Innovantes*), a sholáthraíonn sochair shóisialta agus fhioscacha do ghnólachtaí nuathionscanta a chomhlíonann critéir shonracha maidir le déine agus fás T&F.

(31) I meascán fuinnimh na Fraince, tháinig méadú beag ar sciar na mbreoslaí iontaise in 2022, agus bhí sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh íseal ag 14,6 %. Ina theannta sin, níor bhain an Fhrainc amach a cuspóir AE do 2020 maidir le fuinneamh in-athnuaite, agus bhí easnamh suntasach ann. D'ainneoin méadú ar an acmhainneacht in-athnuaite suiteáilte in 2022 mar gheall ar an méadú suntasach ar an ngrianfhuinneamh, tá an Fhrainc ar chúl maidir le fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid, go háirithe le haghaidh táirgeadh leictreachais agus téimh, ó thaobh spriocanna 2030 de. I gcomhthéacs ina nglacfadh sé am chun na gléasraí cumhachta núicléiche breise a fógraíodh a thógáil agus ina meastar go dtiocfaidh fás tapa[37] ar riachtanais leictriúcháin, chuirfeadh imscaradh tapa foinsí in-athnuaite fuinnimh le slándáil soláthair fuinnimh na Fraince agus laghdódh sé a spleáchas ar bhreoslaí iontaise ag an am céanna. I mí an Mhárta 2023, d'achtaigh an Fhrainc dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, lena mbaineann sainaithint ón mbun aníos agus faoi cheangal ama ag na bardais ar 'limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite'. Tá údar lena chur chun feidhme pras. Faoi lár mhí Aibreáin 2024, áfach, bhí níos lú ná 20 % de na bardais tar éis dul i mbun na limistéir sin a shainaithint. Thairis sin, níor leagadh amach fós i gceann de na gníomhartha cur chun feidhme cuspóirí réigiúnaithe an phlean fuinnimh ilbhliantúil (*programmation pluriannuelle de l'énergie*), nár foilsíodh fós. Is gá fós nósanna imeachta nasctha leis an gcóras dáileacháin le haghaidh féintomhaltais a shimpliú. Tá gá le tuilleadh infheistíochta in eangacha leictreachais agus i réitigh sholúbthachta amhail stóráil chun méideanna méadaithe fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú.

---

(náisiúnta) mar % de OTI (foinse: Eurostat, rd_e_gerdfund); agus caiteachas poiblí ar T&F arna mhaoiniú ag gnólachtaí (náisiúnta) mar % den chaiteachas poiblí iomlán ar T&F (foinse: Eurostat).

[36] ECFE (2020), *How effective are R&D tax incentives? New evidence from the OECD microBeRD project*', an Stiúrthóireacht um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht- Nóta Beartais, ECFE, Páras. Conseil d'analyse économique (2022), Focus N°090-2022 '*Renforcer l'impact du Crédit d'impôt recherche*' Philippe Aghion, Nicolas Chanut agus Xavier Jaravel.

[37] RTE (2023) *Bilan prévisionnel* 2023, Ionchas chóras cumhachta na Fraince (https://assets.rte-france.com/prod/public/2023-10/2023-10-02-bilan-previsionnel-2023-principaux-resultats.pdf), féach go háirithe lch. 31.

(32) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoitinn le feidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais, in 2024 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, i measc bealaí eile, chun an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Fraince, cuidíonn moltaí (1), (2). (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Fhrainc in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas[38] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le heasnamh an rialtais ghinearálta a laghdú i dtreo 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Castacht an chórais cánach a laghdú trí dhíriú níos fearr ar chaiteachas cánach, trí na cinn is lú éifeachtúlacht a bhaint agus trína dtionchar buiséadach foriomlán a theorannú. Leanúint de na hiarrachtaí chun cáilíocht na mbeart buiséadach a fheabhsú, lena n-áirítear trí spriocanna cainníochtúla a bhunú le haghaidh coigilteas caiteachais i bpleanáil bhuiséadach laistigh den chreat bunaithe le haghaidh athbhreithnithe caiteachais.
2. Leanacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach pras éifeachtach, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, rud lena n-áiritheofar go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.
3. Aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar ghanntanais scileanna, lena n-áirítear i ngairmeacha an aistrithe ghlais, agus rannpháirtíocht san oiliúint a chothú, go háirithe i measc daoine ar bheagán oiliúna. Feidhmíocht agus cothromas an chórais oideachais a fheabhsú. Gairm na múinteoireachta a neartú, lena n-áirítear trí dhálaí oibre agus oiliúint a fheabhsú.

[38] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4. An timpeallacht ghnó a fheabhsú tríd an ualach riaracháin a laghdú. Déine T&F in earnáil an ghnó a chothú, lena n-áirítear trí dhíriú níos fearr ar scéimeanna tacaíochta poiblí. Dlús a chur leis an aistriú fuinnimh trí fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla, lena n-áirítear trí reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh, trí na 'limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite' a bhunú agus trí theicneolaíochtaí stórála a chur chun cinn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*